2026/540 12.3.2026

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/540 ÓN gCOIMISIÚN

## an 11 Marta 2026

## maidir le guma acáise a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Údaraíodh guma acáise gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch sa chatagóir 'oibreáin eiblitheacha agus chobhsaitheacha, tiúsóirí agus oibreáin ghlóthúcháin'. Ina dhiaidh sin cuireadh an tsubstaint sin isteach i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas ar athmheastóireacht ar ghuma acáise mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. D'iarr an t-iarratasóir an breiseán sin a aicmiú sa chatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus sna feidhmghrúpaí 'eiblitheoirí' agus 'cobhsaitheoirí'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas. Tharraing an t-iarratasóir siar an t-iarratas le haghaidh na bhfeidhmghrúpaí 'tiúsóirí' agus 'oibreáin ghlóthúcháin'.

(4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 24 Meitheamh 2025 ([3]), ina ndearnadh athbhreithniú ar an tuairim uaidh an 17 Meán Fómhair 2022 ([4]), go bhfuil guma acáise sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go bhféadfadh guma acáise a bheith ina íogróir deirmeach agus riospráide, agus go meastar gur riosca é aon nochtadh trí bhealaí deirmeacha nó ionanálaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin go bhfuil guma acáise éifeachtúil mar eiblitheoir agus in eibleachtaí cobhsaitheacha le himeacht ama, rud a thacódh lena éifeachtúlacht mar chobhsaitheoir. D'fhíoraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann guma acáise na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

---

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.
([2]) Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj).
([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 23(7), e9542, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9542.
([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022; 20(4):7252, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7252.

(6) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe na substainte lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Údarú**

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann leis an gcatagóir breiseán ‘breiseáin theicneolaíocha’ agus leis an bhfeidhmghrúpa ‘eiblitheoirí’ agus ‘cobhsaitheoirí’, údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Bearta idirthréimhseacha**

1. An breiseán beathaithe guma acáise, mar a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE, agus na réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 1 Deireadh Fómhair 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 1 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 1 Aibreán 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 1 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 1 Aibreán 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 1 Aibreán 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Márta 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm an bhreiseáin | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: eiblitheoirí** | | | | | | | | |
| 1c414 | Guma acáise | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Guma acáise<br>Foirm sholadach<br>Íonacht:<br>Caillteanas mar gheall ar thriomú: ≤ 10 %<br>Iomlán na luatha: ≤ 4 %<br>Ábhar dothuaslagtha in aigéad: ≤ 1 %<br>Luaith dhothuaslagtha in aigéad: ≤ 0,5 %<br>*Saintréithriú na substainte gníomhaí*<br>Úscadh triomaithe atá i nguma acáise a fhaightear ó ghais agus ó bhrainsí tréithchineálacha *Acacia senegal* (L) Willdenow nó speicis acáise (fine *Leguminosae*) a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile.<br>Is éard atá ann polaisiúicrídí ardmheáchain mhóilínigh, a bhfuil a slabhra siúcra déanta as siúcraí neodracha (galachtós, araibionós agus ramnós) agus siúcraí aigéadacha (aigéad glúcúrónach) agus/nó a salainn.<br>Uimh. CAS: 9000-01-5 | Turcaithe lena ramhrú | - | - | 375 | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus cobhsaíochta i leith cóireáil teasa.<br>2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú. | an 1 Aibreán 2036 |
| | | | Sicíní lena ramhrú nó a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe<br>Mionéanlaith chlóis lena ramhrú nó a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe<br>Éin ornáideacha | - | - | 278 | | |
| | | | Éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe | - | - | 415 | | |
| | | | Speicis mhucúla lena ramhrú | - | - | 600 | | |
| | | | Bainbh de speicis mhucúla | | | 500 | | |
| | | | Cránacha de speicis mhucúla | - | - | 729 | | |
| | | | Laonna feola (bainne púdrach) | - | - | 1 164 | | |
| | | | Ainmhithe de chineál caorach<br>Ainmhithe de chineál gabhair | - | - | 1 100 | | |

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm an bhreiseáin | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| | | *Modh anailíse* ([1])<br>Maidir le guma acáise (breiseán beathaithe) a shaintréithriú:<br>— Monagraf in *Pharmacopoeia* Eorpach 0307 nó 0308, agus<br>— Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún ([2]) agus na tástálacha comhfhreagracha i gCoimre JECFA FAO | Athchogantaigh (seachas ainmhithe de chineál caorach agus gabhair) agus ainmhithe de chineál camaill lena ramhrú nó a thógtar le haghaidh táirgeadh bainne nó le haghaidh atáirgthe<br>Eachainmhithe<br>Cait | - | - | 1 100 | | |
| | | | Athchogantaigh (seachas ainmhithe de chineál caorach agus gabhair) agus ainmhithe de chineál camaill le haghaidh táirgeadh bainne nó le haghaidh atáirgthe | - | - | 715 | | |
| | | | Leipridigh | - | - | 440 | | |
| | | | Bia-iasc eite | | | 1 257 | | |
| | | | Madraí | - | - | 1 320 | | |
| | | | Éisc ornáideacha | | | 4 889 | | |
| | | | Speicis ainmhíocha eile | - | - | 278 | | |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj).

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm an bhreiseáin | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: cobhsaitheoirí** | | | | | | | | |
| 1c414 | Guma acáise | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Guma acáise<br>Foirm sholadach<br>Íonacht:<br>Caillteanas mar gheall ar thriomú: ≤ 10 %<br>Iomlán na luatha: ≤ 4 %<br>Ábhar dothuaslagtha in aigéad: ≤ 1 %<br>Luaith dhothuaslagtha in aigéad: ≤ 0,5 %<br>*Saintréithriú na substainte gníomhaí*<br>Úscadh triomaithe atá i nguma acáise a fhaightear ó ghais agus ó bhrainsí tréithchineálacha *Acacia senegal* (L) Willdenow nó speicis acáise (fine *Leguminosae*) a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile.<br>Is éard atá ann polaisiúicrídí ardmheáchain mhóilínigh, a bhfuil a slabhra siúcra déanta as siúcraí neodracha (galachtós, araibionós agus ramnós) agus siúcraí aigéadacha (aigéad glúcúrónach) agus/nó a salainn.<br>Uimh. CAS: 9000-01-5 | Turcaithe lena ramhrú | - | - | 375 | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus cobhsaíochta i leith cóireáil teasa.<br>2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú. | an 1 Aibreán 2036 |
| | | | Sicíní lena ramhrú nó a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe<br>Mionéanlaith chlóis lena ramhrú nó a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe<br>Éin ornáideacha | - | - | 278 | | |
| | | | Éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgthe | - | - | 415 | | |
| | | | Speicis mhucúla lena ramhrú | - | - | 600 | | |
| | | | Bainbh de speicis mhucúla | | | 500 | | |
| | | | Cránacha de speicis mhucúla | - | - | 729 | | |
| | | | Laonna feola (bainne púdrach) | - | - | 1 164 | | |
| | | | Ainmhithe de chineál caorach agus gabhair | - | - | 1 100 | | |

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm an bhreiseáin | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhíoch | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údarúcháin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| | | *Modh anailíse* ([1])<br>Maidir le guma acáise (breiseán beathaithe) a shaintréithriú:<br>— Monagraf in *Pharmacopoeia* Eorpach 0307 nó 0308, agus<br>— Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 agus na tástálacha comhfhreagracha i gCoimre JECFA FAO | Athchogantaigh (seachas ainmhithe de chineál caorach agus gabhair) agus ainmhithe de chineál camaill lena ramhrú nó a thógtar le haghaidh táirgeadh bainne nó le haghaidh atáirgthe<br>Eachainmhithe<br>Cait | - | - | 1 100 | | |
| | | | Athchogantaigh (seachas ainmhithe de chineál caorach agus gabhair) agus ainmhithe de chineál camaill le haghaidh táirgeadh bainne nó le haghaidh atáirgthe | - | - | 715 | | |
| | | | Leipridigh | - | - | 440 | | |
| | | | Bia-iasc eite | | | 1 257 | | |
| | | | Madraí | - | - | 1 320 | | |
| | | | Éisc ornáideacha | | | 4 889 | | |
| | | | Speicis ainmhíocha eile | - | - | 278 | | |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.